Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2020 (OR. en)**

**12361/20**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0302(COD)**

**PECHE 348**
**CODEC 1083**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Deireadh Fómhair 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 670 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear clár maidir le doiciméid ghabhála i gcomhair an tuinnín ghoirm Thunnus thynnus agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 640/2010 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 670 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 670 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.10.2020
COM(2020) 670 final

2020/0302 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear clár maidir le doiciméid ghabhála i gcomhair an tuinnín ghoirm *Thunnus thynnus* agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 640/2010**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is é cuspóir an Chomhbheartais Iascaigh, mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 an 11 Nollaig 2013 a áirithiú go ndéanfar beo-acmhainní bitheolaíocha a shaothrú ar bhealach a bheidh inbhuanaithe ar leibhéal eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta.

Le Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle an 23 Márta 1998, d'fhormheas an tAontas Eorpach Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige ina bhfuil prionsabail agus rialacha maidir le beo-acmhainní bitheolaíocha na farraige a chaomhnú agus a bhainistiú. Anuas ar na hoibleagáidí idirnáisiúnta eile atá ar an Aontas, glacann sé páirt in iarrachtaí chun stoic éisc a chaomhnú in uiscí idirnáisiúnta.

De bhun Chinneadh 86/238/CEE ón gComhairle an 9 Meitheamh 1986, is Páirtí Conarthach é an tAontas sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (“an Coinbhinsiún”) ó bhí an 14 Samhain 1997 ann.

Foráiltear leis an gCoinbhinsiún seo do chomhar réigiúnach i ndáil le caomhnú agus bainistiú tuinníní agus speicis atá cosúil le tuinníní san Aigéan Atlantach agus sna farraigí máguaird tríd an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (an “ICCAT”) a bhunú.

Tá sé d'údarás ag ICCAT cinntí (moltaí) a ghlacadh maidir le caomhnú agus bainistiú iascaigh atá faoina chúram, agus tá na cinntí sin ceangailteach ar na Páirtithe Conarthacha. Is ar na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún ICCAT go háirithe a bhíonn na moltaí sin dírithe ach cuireann siad oibleagáidí ar oibreoirí (e.g. máistrí soithí) freisin. Tagann moltaí ICCAT i bhfeidhm sé mhí tar éis a nglactha agus, i gcás an Aontais, ní mór iad a chur chun feidhme i ndlí an Aontais a luaithe is féidir.

Leis an togra seo, bunaítear Clár Aontais maidir le Doiciméid um Ghabháil Tuinnín Ghoirm chun go gcuirfear i bhfeidhm bearta caomhnaithe agus bearta bainistithe a ghlac an Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú a bhaineann le Scéim Dhoiciméid um ghabháil tuinnín ghoirm, agus úsáid éigeantach an chórais leictreonaigh de dhoiciméid um ghabháil tuinnín ghoirm d’fhonn tionscnamh gach tuinnín ghoirm a shainaithint.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Déantar rialú ar na doiciméid ghabhála i gcomhair an tuinnín ghoirm trí:

– an clár maidir le doiciméid ghabhála i gcomhair an tuinnín ghoirm i Rialachán (AE) 640/2010;

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is plean é atá comhsheasmhach le beartais eile an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ina leagtar amach na forálacha is gá chun cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh a bhaint amach.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Baineann an togra le hinniúlacht eisiach an Aontais (Airteagal 3(1)(d) CFAE). Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Maidir le r-DGTG a chur i bhfeidhm, agus go háirithe na rialacha agus na hoibleagáidí go léir atá i gcóras r-DGTG arna bhformheas ag ICCAT, áiritheofar leis an togra go mbeidh dlí an Aontais i gcomhréir leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta atá air agus go mbeidh an tAontas ag comhlíonadh na gcinntí faoi ICCAT ina bhfuil an tAontas Eorpach ina Pháirtí Conarthach. Déanfar sin gan níos mó ná mar a bhfuil gá leis a dhéanamh chun an cuspóir inmhianaithe a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Is Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle í an ionstraim atá beartaithe.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann sé le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Is é cuspóir an togra seo bearta ICCAT atá ann cheana, agus atá ceangailteach ar na páirtithe conarthacha, a thrasuí agus a chur chun feidhme. Chuathas i gcomhairle le saineolaithe náisiúnta agus ionadaithe tionscail ó thíortha an Aontais sa tréimhse díreach roimh chruinnithe ICCAT ar glacadh na rialacha r-DGTG sin lena linn agus ar feadh na caibidlíochta ag Cruinniú Bliantúil ICCAT. Dá bharr sin, níor measadh go raibh sé riachtanach comhairliúchán le páirtithe leasmhara a reáchtáil maidir leis an rialachán áirithe seo.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Is é atá ann moladh a thrasuí a glacadh ar leibhéal ceann de na heagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh (ICCAT).

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann sé le hábhar. Is éard atá ann seo moladh a thrasuí atá infheidhme go díreach maidir leis na Ballstáit agus leis na hoibreoirí.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl aon bhaint ag an togra seo le REFIT.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairtí ag an togra seo maidir leis na cearta bunúsacha saoránach a chosaint.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí buiséadacha ag an togra seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

(a) Doiciméid ghabhála i gcomhair an tuinnín ghoirm agus deimhniú athonnmhairiúcháin

Bunaítear leis an togra forálacha ginearálta maidir le leas a bhaint as deimhnithe gabhála agus athonnmhairiúcháin an tuinnín ghoirm agus leagtar síos rialacha maidir le gabháil an tuinnín ghoirm agus ócáidí trádála an tuinnín ghoirm ina dhiaidh sin a thaifeadadh agus a bhailíochtú. Leagtar rialacha ar leith síos maidir le héisc chlibeáilte.

Déantar gabhálacha agus gníomhaíochtaí trádála a thaifeadadh agus a bhailíochtú tríd an gcóras de dhoiciméid leictreonacha um ghabháil an Tuinnín Ghoirm atá in úsáid cheana féin ag na Ballstáit agus ag oibreoirí. Is é ICCAT a oibríonn an córas leictreonach sin ina theangacha oifigiúla (i.e., an Béarla, an Fhraincis agus an Spáinnis). Mar eisceacht, is féidir doiciméid pháipéir a chur in áit an chórais leictreonaigh (DGTG, Doiciméad Um Ghabháil an Tuinnín Ghoirm), is comhionann do cheanglais an chórais leictreonaigh. Chuige sin, tá tagairtí sa togra do dhoiciméid ICCAT ar nós sainmhíniú DGTG agus faisnéis faoina inneachar, doiciméid bhailíochtaithe, agus doiciméid tuairiscithe.

(b) Fíorúchán, sonraí a tharchur, agus tuairisciú

Bunaítear forálacha breise maidir le fíorúchán roimh bhailíochtú, sonraí úsáideoirí r-DGTG a tharchur, r-DGTG páipéir a úsáid i gcásanna eisceachtúla agus tuairisciú bliantúil chuig ICCAT.

(c) Cumhachtaí tarmligthe

Rialacha ICCAT lena rialaítear iascach maidir le tuinníní gorma beo (oibríochtaí a bhaineann le héisc a ghabháil, a aistriú, a iompar, a chur i gcaighean, a thógáil, a shaothrú agus a thabhairt anonn), is rialacha an-dinimiciúil atá iontu, agus is gá córas r-DGTG a chur in oiriúint chun aon athrú ar na rialacha sin a leanúint. De bharr chastacht chóras r-DGTG, ní mór saincheisteanna teicniúla a réiteach ar bhonn leanúnach agus ní mór do na Ballstáit iad a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach.

Leagtar amach le hAirteagal 14 den Rialachán seo liosta mionsonraithe de chásanna ina n-iarrtar cumhachtaí tarmligthe chun aghaidh a thabhairt ar athruithe rialta ar na moltaí a ghlacann ICCAT.

2020/0302 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear clár maidir le doiciméid ghabhála i gcomhair an tuinnín ghoirm Thunnus thynnus agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 640/2010**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é cuspóir an Chomhbheartais Iascaigh (CBI), mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], a áirithiú go ndéanfar beo-acmhainní uisceacha a shaothrú ar bhealach a chruthóidh dálaí inbhuanaithe eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta.

(2) Is Páirtí Conarthach é an tAontas i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1982 maidir le Dlí na Farraige, ar Coinbhinsiún é a formheasadh le Cinneadh 98/392/CE[3], ón gComhairle, is Páirtí Conarthach é sa Chomhaontú i ndáil le cur chun feidhme na bhforálacha den Choinbhinsiún sin a bhaineann le caomhnú agus bainistiú stoc éisc traslimistéir agus stoc éisc mórimirceach, ar Comhaontú é a daingníodh le Cinneadh[4] ón gComhairle 98/414/EC agus is Páirtí Conarthach é sa Chomhaontú chun comhlíonadh beart caomhnaithe idirnáisiúnta agus beart bainistíochta idirnáisiúnta ag soithí iascaireachta ar an mórmhuir a chur chun cinn, ar

---

1 IO C.

2 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

3 98/392/COD: Cinneadh ón gComhairle an 23 Márta 1998 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 agus Chomhaontú an 28 Iúil 1994 maidir le cur chun feidhme Chuid XI de (IO L 179, 23.6.1998, lch. 1.).

4 98/414/CE: Cinneadh ón gComhairle an 8 Meitheamh 1998 maidir leis an gComhphobal Eorpach a bhaineann le chur chun feidhme fhorálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le caomhnú agus le bainistiú stoc éisc traslimistéir agus stoc éisc mórimirceach (IO L 189, 3.7.1998, lch. 14.).

Comhaontú é ar glacadh leis le Cinneadh 96/428/CE[5]ón gComhairle. Faoi chuimsiú na n-oibleagáidí idirnáisiúnta sin, glacann an tAontas páirt sna hiarrachtaí atá á ndéanamh chun bainistiú inbhuanaithe stoc éisc mórimirceach a áirithiú.

(3) De bhun Chinneadh 86/238/CEE ón gComhairle, is Páirtí Conarthach é an tAontas sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú[6] (Coinbhinsiún ICCAT). Le Coinbhinsiún ICCAT, déantar foráil i ndáil le creat don chomhoibriú réigiúnach maidir le caomhnú agus bainistiú tuinníní agus speiceas atá cosúil le tuinníní san Aigéan Atlantach agus sna farraigí máguaird trí bhíthin Coimisiúin Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (ICCAT), agus déantar foráil maidir le glacadh moltaí is infheidhme i limistéar Coinbhinsiúin ICCAT ar moltaí iad a thagann chun bheith ina gceangal ar na Páirtithe Conarthacha, ar Pháirtithe comhoibritheacha neamhchonarthacha, ar eintitis chomhoibritheacha neamhchonarthacha agus ar eintitis chomhoibritheacha neamhchonarthacha iascaireachta ("CPCanna").

(4) Rialachán (AE) Uimh. 640/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] a thrasuí i ndlí an Aontais Moltaí ICCAT [09-11] lena leasaítear Moladh [08-12] lena dtugtar isteach clár maidir le doiciméid ghabhála i gcomhair an tuinnín ghoirm;

(5) Chun cáilíocht agus iontaofacht na sonraí staidrimh a fheabhsú agus d'fhonn an iascaireacht neamhdhleathach a chosc agus a dhíspreagadh, agus d'fhonn deireadh a chur le hiascaireacht den sórt sin, mar chuid de na bearta chun stoic tuinníní gorma a rialáil, rinne ICCAT Moladh [07-10][8], [08-12][9], [09-11][10], [11-20][11], [18-13][12] lena dtugtar isteach cur chun feidhme na scéime Doiciméid um Ghabháil an Tuinnín Ghoirm (r-DGTG) agus Moladh [10-11][13],[11-21][14], [12-08][15], [13-17][16], [15-10][17],

5 96/428/CE: Cinneadh ón gComhairle an 25 Meitheamh 1996 maidir le glacadh an Chomhphobail leis an gComhaontú chun comhlíonadh beart caomhnaithe agus bainistíochta idirnáisiúnta ag soithí iascaireachta ar an mórmhuir a chur chun cinn (IO L 177, 16.7.1996, lch. 24).

6 Cinneadh 86/238/CCE ón gComhairle an 9 Meitheamh 1986 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh, arna leasú leis an bPrótacal atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chomhdháil Lánchumhachtaigh na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún a síníodh i bPáras an 10 Iúil 1984 (IO L 162, 18.6.1986, lch 33).

7 Rialachán (AE) Uimh 640/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 lena mbunaítear clár maidir le doiciméid um ghabháil an tuinnín ghoirm Thunnus thynnus agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1984/2003 ón gComhairle (I.O. L 194, 24.7.2010, lch. 1.)

8 Moladh ICCAT ar Chlár ICCAT de Dhoiciméid Um Ghabháil an Tuinnín Ghoirm.

9 Moladh ICCAT lena leasaítear Moladh 07-10 maidir le Clár ICCAT de Dhoiciméid Um Ghabháil an Tuinnín Ghoirm.

10 Moladh ICCAT lena leasaítear Moladh 08-12 ar chlár ICCAT de dhoiciméid um ghabháil an tuinnín ghoirm.

11 Moladh ICCAT lena leasaítear Moladh 09-11 ar chlár ICCAT de dhoiciméid um ghabháil an tuinnín ghoirm.

12 Moladh ICCAT lena leasaítear Moladh 11-20 ar chlár ICCAT de dhoiciméid um ghabháil an tuinnín ghoirm.

13 Moladh ICCAT ar chlár de dhoiciméid leictreonacha um ghabháil an tuinnín ghoirm (r-DGTG).

14 Moladh ICCAT lena leasaítear Moladh 10-11 ar chlár de Dhoiciméid Leictreonacha um Ghabháil an Tuinnín Ghoirm (r-DGTG).

15 Moladh ICCAT lena bhforlíontar an Moladh ar chlár de Dhoiciméid Leictreonacha um Ghabháil an Tuinnín Ghoirm (r-DGTG).

16 Moladh ICCAT lena bhforlíontar an Moladh ar chóras de Dhoiciméid Leictreonacha a um Ghabháil an Tuinnín Ghoirm (r-DGTG).

17 Moladh ICCAT chun soiléiriú agus leasú a dhéanamh ar Chlár ICCAT de Dhoiciméid Leictreonacha um Ghabháil an Tuinnín Ghoirm (r-DGTG) chun cur i bhfeidhm chóras r-DGTG a éascú.

[17-09][18], [18-12][19] lena bhforbraítear agus lena neartaítear cur chun feidhme na nDoiciméad Gabhála i gcomhair an Tuinnín Ghoirm trí chóras doiciméid leictreonach éigeantach (r-DGTG) a thabhairt isteach. Chuir CPCanna ICCAT agus na Ballstáit tús le cur chun feidhme páirteach chóras r-DGTG i mí an Mheithimh 2016. Tá sé á chur chun feidhme go hiomlán ó mhí Eanáir 2017 agus tá sé in úsáid ag na Ballstáit.

(6) Tá forálacha áirithe de Mholtaí ICCAT ag CPCanna ICCAT á leasú go minic agus is dóigh go ndéanfar tuilleadh leasuithe orthu sa todhchaí. Dá bhrí sin, chun leasuithe ar Mholtaí ICCAT sa todhchaí a ionchorprú go tapa i ndlí an Aontais, ní mór an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i ndáil leis na gnéithe seo a leanas: úsáid éigeantach r-DGTG agus DGTG, rialacha DGTG Grúpáilte, bailíochtú DGTG agus r-DGTG, sprioc-am maolaithe d'fhaisnéis chlibeála maidir leis an íosmhéid faoi Rialachán (AE) 20../..[20] ; gabhálacha agus gníomhaíochtaí trádálacha ina dhiaidh sin i gcóras r-DGTG a thaifeadadh agus a bhailíochtú, faisnéis faoi bhailíochtú agus faoi phointí teagmhála, faisnéis faoi dhoiciméid DGTG nó r-DGTG clóite, dátaí arna soláthar a thuairisciú, chomh maith le tagairtí do na hIarscríbhinní a ghabhann le Moltaí ICCAT.

(7) Níor cheart a dhéanamh le reachtaíocht an Aontais ach Moltaí ICCAT a chur chun feidhme d'fhonn iascairí an Aontais agus iascairí tríú tír a chur ar comhchéim agus a áirithiú go nglacann cách leis na rialacha agus gcuirtear chun feidhme iad go hiomlán.

(8) Ba cheart na gníomhartha tarmligthe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a bheith gan dochar do chur chun feidhme athruithe ar Moltaí ICCAT agus a dtrasuí i ndlí an Aontais amach anseo tríd an ngnáthnós imeachta reachtach.

(9) D'fhonn leasuithe a dhéanfar amach anseo ar Mholtaí ICCAT a chur chun feidhme gan mhoill i ndlí an Aontais, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ba cheart í a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go dtéann an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[21]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 640/2010 a aisghairm, toisc go ndéantar leis an Rialachán seo bearta nua ICCAT do chlár de dhoiciméid um ghabháil an tuinnín ghoirm a thrasuí,

---

18 Moladh ICCAT lena leasaítear Moladh 15-10 ar chur i bhfeidhm chóras r-DGTG.

19 Moladh ICCAT lena n-ionadaítear Moladh 17-09 ar chur i bhfeidhm chóras r-DGTG.

20 Rialachán (AE) an 20…/…. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 20…/…. lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107, agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627.

21 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I
FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*
***Ábhar agus raon feidhme***

1. Leis an Rialachán seo, bunaítear Clár Aontais maidir le Doiciméid um Ghabháil Tuinnín Ghoirm chun go gcuirfear i bhfeidhm bearta caomhnaithe agus bearta bainistithe a ghlac an Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (ICCAT) de Dhoiciméid um ghabháil tuinnín ghoirm, agus úsáid éigeantach an chórais leictreonaigh de dhoiciméid um ghabháil tuinnín ghoirm d'fhonn tionscnamh gach tuinnín ghoirm a shainaithint.

2. Ní bhaineann an Rialachán seo le trádáil intíre, onnmhairiú, allmhairiú agus athonnmhairiú codanna éisc, seachas an fheoil, *inter alia*, cloigne, súile, eochraí, putóga agus eireabaill.

*Airteagal 2*
***Sainmhínithe***

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. Ciallaíonn "DGTG" doiciméad gabhála i gcomhair an tuinnín ghoirm mar a fhoráiltear in Iarscríbhinn 2 de Mholadh ICCAT [18-13];

2. ciallaíonn "tuinnín gorm" iasc den speiceas *Thunnus thynnus* a thagann faoi réim chóid na hAinmníochta Comhcheangailte d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) ón gComhairle Uimh. 2658/87[22];

3. ciallaíonn "an Coinbhinsiún" an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh;

4. ciallaíonn "limistéar an Choinbhinsiúin" an limistéar geografach a chumhdaítear faoi bhearta ICCAT de réir mar a leagtar síos in Airteagal 1 den Choinbhinsiún;

5. ciallaíonn "trádáil intíre":

   (a) trádáil, i mBallstát amháin nó idir dhá Bhallstát nó níos mó, i dtuinnín gorm arna ghabháil i limistéar Coinbhinsiúin ag soitheach gabhála Aontais nó ag gaiste Aontais, ar tuinnín gorm é a chuirtear i dtír i gcríoch an Aontais; agus

   (b) trádáil, i mBallstát amháin nó idir dhá Bhallstát nó níos mó, i dtuinnín gorm feirme arna ghabháil i limistéar Coinbhinsiúin ag soitheach gabhála Aontais, ar tuinnín gorm é a chuirtear i gcaighean i bhfeirm atá bunaithe i gcríoch an Aontais;

6. ciallaíonn "allmhairiú" tuinnín gorm a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, lena n-áirítear chun é a chur i gcaighean, é a ramhrú, feirmeoireacht a dhéanamh air nó é a thrasloingsiú, ar tuinnín gorm é arna ghabháil i limistéar Choinbhinsiúin ICCAT ag soitheach gabhála tríú tír nó ag gaiste tríú tír;

---

[22] Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim, IO L 256, 7.9.1987, lch. 1.

7. ciallaíonn “onnmhairiú” aon ghluaiseacht tuinnín ghoirm chuig tríú tír i gcás tuinnín ghoirm arna ghabháil i limistéar Choinbhinsiúin ICCAT ag soitheach gabhála Aontais nó ag gaiste Aontais, lena n-áirítear gluaiseacht ó chríoch an Aontais, ó thríú tíortha nó ó mheánna;

8. ciallaíonn “athonnmhairiú” aon ghluaiseacht tuinnín ghoirm ó chríoch an Aontais i gcás tuinnín gorm a allmhairíodh isteach i gcríoch an Aontais roimhe sin;

9. ciallaíonn “Ballstát an ghaiste” an Ballstát ina bhfuil an gaiste bunaithe;

10. ciallaíonn “an Ballstát feirme” an Ballstát ina bhfuil an fheirm bunaithe;

11. ciallaíonn “CPCanna” Páirtithe Conarthacha, páirtithe comhoibritheacha neamhchonarthacha, eintitis chomhoibritheacha neamhchonarthacha agus eintitis chomhoibritheacha neamhchonarthacha iascaireachta de chuid ICCAT;

## CAIBIDIL II
## DOICIMÉAD UM GHABHÁIL TUINNÍN GHOIRM

### *Airteagal 3*
### ***Forálacha Ginearálta***

1. Bainfear leas as córas leictreonach le haghaidh Doiciméid Ghabhála i gcomhair Tuinnín (‘r-DGTG’) d’aon tabhairt i dtír, aistriú, athlastáil, cur i gcaighean, saothrú, trádáil intíre, allmhairiú, onnmhairiú nó athonnmhairiú an tuinnín ghoirm. Mar eisceacht, is féidir DGTGanna páipéir a úsáid mar a fhoráiltear in Airteagal 11.

2. Cuirfear DGTG i gcrích do gach tuinnín gorm a ghabhtar le soitheach iascaireachta nó le gaiste, a aistrítear, a thugtar i dtír nó a athlástáiltear ag poirt le soithí iascaireachta nó le gaistí, nó a chuirtear i gcaighean nó a shaothraítear le feirmeacha.

3. Beidh DGTG arna bhailíochtú ag an údarás inniúil in éineacht le gach luchtóg tuinníní gorma a bheidh á trádáil ar bhonn intíre, á hallmhairiú isteach i gcríoch an Aontais nó á honnmhairiú nó á hathonnmhairiú ó chríoch an Aontais, seachas i gcásanna ina mbeidh feidhm ag Airteagal 4(4), agus, i gcás inarb infheidhme, beidh dearbhú aistrithe ICCAT nó deimhniú athonnmhairiúcháin bailíochtaithe tuinnín ghoirm (“BFTRC”) , de réir mar is infheidhme, in éineacht léi freisin. Ní bheidh ag gach luchtóg tuinníní gorma ach táirgí tuinnín ghoirm a bhfuil an chuma chéanna orthu agus arb é a dtionscnamh an limistéar geografach ábhartha céanna agus an soitheach iascaireachta nó an grúpa soithí iascaireachta céanna, nó an gaiste céanna.

4. Beidh toirmeasc ar thuinníní gorma a thabhairt i dtír, a aistriú, a shaothrú, a thrádáil ar bhonn intíre, a allmhairiú, a onnmhairiú nó a athonnmhairiú gan DGTG nó BFTRC bailíochtaithe.

5. Beidh uimhir uathúil sainaitheantais doiciméid ag gach DGTG. Is leis an mBallstát na brataí nó le Ballstát an ghaiste amháin a bhainfidh na huimhreacha doiciméid.

6. Tráth a dhéantar an cur i gcaighean, féadfar DGTGanna ábhartha a ghrúpáil mar “DGTG Grúpáilte” le huimhir DGTG nua sna cásanna seo a leanas, ar choinníoll go gcuirtear gach iasc sa chaighean feirmeoireachta céanna agus ar an lá céanna:

   (a) Gabhálacha iomadúla arna ndéanamh ag an soitheach céanna; agus

   (b) Gabhálacha arna ndéanamh ag an gComhoibríocht Iascaireachta (COI).

7. Cuirfear an DGTG Grúpáilte in ionad gach DGTG comhionann bunaidh agus beidh liosta na n-uimhreacha DGTG uile lena mbaineann in éineacht leis. Cuirfear cóipeanna de DGTGanna lena mbaineann ar fáil do na Ballstáit nó d'údaráis rialaithe CPCanna, arna iarraidh sin.

8. Tuinníní gorma a ghabhtar mar fhoghabhálacha ag soithí nach bhfuil údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh ar thuinníní gorma go gníomhach de bhun Rialachán (AE) 20../.[23]. Féadfar [BFT] a thrádáil. Déanfaidh údaráis na mBallstát, údaráis chalafoirt, agus féinchlárúchán údaraithe ag máistir nó ionadaí an tsoithigh éascaíocht ar mháistir nó ar ionadaí an tsoithigh maidir leis an gcóras r-DGTG a rochtain, trí bhíthin a n-uimhreach cláraithe náisiúnta. Ní gá do Bhallstát Brataí na soithí lena mbaineann liosta na soithí sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

9. Tuinníní gorma Atlantacha a fhaigheann bás le linn na n-oibríochtaí aistrithe, tarraingthe nó cur i gcaighean dá dtagraítear in Airteagail 39 go 54 de Rialachán (AE) 20../.. Féadfaidh soitheach peas-saighne, soitheach tacaíochta, agus ionadaithe feirmeoirí [BFT] iad a thrádáil sula ndéantar iad a shaothrú, más infheidhme.

10. Tuinníní gorma a shaothraítear in iascach spóirt agus áineasa a dtoirmeasctar iad a dhíol, níl siad faoi réir an Rialacháin seo agus ní gá iad a thaifeadadh i gcóras r-DGTG.

*Airteagal 4*
***Bailíochtú***

1. Déanfaidh máistrí na soithí gabhála, oibreoirí gaistí, oibreoirí feirmeacha, díoltóirí, onnmhaireoirí, nó a n-ionadaí údaraithe, DGTG a chomhlánú tríd an bhfaisnéis riachtanach a sholáthar agus iarrfaidh siad é a bhailíochtú i gcomhréir le mír 2 i leith gach tuinnín ghoirm a rinne siad a ghabháil, a chur i dtír, a chur i gcaighean, a shaothrú, a thrasloingsiú, a thrádáil ar bhonn intíre nó a onnmhairiú.

2. Is é údarás inniúil stát brataí an tsoithigh, an stáit ghaiste nó an stáit feirme a rinne an tuinnín gorm a ghabháil nó a shaothrú a dhéanfaidh DGTG a bhailíochtú, nó údarás inniúil Bhallstát bunaíochta an díoltóra nó onnmhaireora a rinne an tuinnín gorm a thrádáil ar bhonn intíre nó a onnmhairiú.

3. Ní dhéanfaidh na Ballstáit DGTG do gach tuinnín gorm a bhailíochtú ach amháin sna cásanna seo a leanas:

   (a) fíorófar go bhfuil an fhaisnéis go léir atá in DGTG cruinn;

   (b) tá na méideanna carntha bailíochtaithe laistigh dá gcuótaí nó laistigh de theorainneacha gabhála gach bliana bainistíochta, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na cuótaí aonair arna gcionroinnt ar shoithí gabhála nó ar ghaistí; agus

   (c) comhlíonann na táirgí forálacha ábhartha eile ICCAT maidir leis na bearta caomhnaithe agus bainistíochta.

4. Ní bheidh gá le bailíochtú faoi mhír 2 i gcás ina bhfuil clibeáil, i gcomhréir le hAirteagal 6(4), déanta ar gach tuinnín gorm atá ar fáil lena dhíol ag an mBallstát brataí nó ag Ballstát an ghaiste ina ndearnadh iascaireacht orthu.

---

[23] Rialachán (AE) an 20…/…. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle …..20.. lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107, agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 [moladh arna ghlacadh leis na comhreachtóirí].

5. I gcás inar lú ná tona méadrach amháin meáchain, nó inar lú ná trí iasc, cainníochtaí na dtuinníní gorma a ghabhtar agus a chuirtear i dtír, féadfar an logleabhar nó an nóta díolacháin a úsáid mar DGTG sealadach, go dtí go ndéanfar DGTG a bhailíochtú laistigh de sheacht lá agus sula ndéanfar onnmhairiú.

6. De réir mar is iomchuí, beidh an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Moladh ICCAT [18-13] san áireamh in DGTG bailíochtaithe. Leagtar amach treoracha le haghaidh eisiúint, uimhriú, chomhlánú agus bhailíochtú an doiciméid um ghabháil in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Moladh ICCAT [18-13].

7. Cuirfear faisnéis faoin gceannaitheoir san earnáil trádála isteach i gcóras r-DGTG sula ndéanfar é a bhailíochtú. Déanfar an roinn a bhaineann le faisnéis trádála r-DGTG a bhailíochtú sula ndéanfar an r-DGTG a onnmhairiú.

8. Ní dhéanfar onnmhairiú ó na Ballstáit mura ndéantar an trádáil a bhí idir na Ballstáit roimhe seo a thaifeadadh mar is ceart ar, agus is gá fós bailíochtú a dhéanamh ar an onnmhairiú sin sa chóras r-DGTG i gcomhréir le míreanna 1 go 5.

*Airteagal 5*

***Gabhálacha agus gníomhaíochtaí trádála ina dhiaidh sin i gcóras r-DGTG a thaifeadadh agus a bhailíochtú***

1. Tar éis gabhálacha agus an chéad ghníomhaíocht trádála in r-DGTG a thaifeadadh agus a bhailíochtú i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán seo, déanfar faisnéis faoi dhíolacháin inmheánacha tuinníní gorma laistigh de Bhallstát amháin a thaifeadadh in r-DGTG. Ní gá na díolacháin inmheánacha sin.

2. Tar éis gabhálacha agus an chéad ghníomhaíocht trádála in r-DGTG a thaifeadadh agus a bhailíochtú, cuirfidh an díoltóir i gcrích an trádáil intíre idir na Ballstáit i gcóras r-DGTG i gcomhréir le hAirteagal 4.

3. Déanfaidh an t-údarás inniúil bailíochtú ar thrádáil intíre a bhaineann le foirmeacha táirge "geolbhaithe agus glanta" (GG), "cóirithe" (DR), agus "Cruinn" (RD). Mar sin féin, de mhaolú ar Airteagal 4, ní gá bailíochtú a dhéanamh:

   (a) i gcás go ndéantar trádáil intíre tuinníní gorma in "filléid" (FL) nó i bhfoirmeacha táirge "foirmeacha eile, sonraithe" (OT) a liostaítear in r-DGTG;

   (b) i gcás go ndéantar an táirge dá dtagraítear faoi phointe (a) (FL agus OT) a phacáistiú chun iompair; sa chás seo, scríobhfar an uimhir r-DGTG lena mbaineann go soléite agus go doscriosta ar thaobh amuigh aon phacáiste ina bhfuil aon chuid den tuinnín seachas i gcás táirgí díolmhaithe a sonraítear in Airteagal 1(2);

   (c) i gcás táirgí FL nó OT, ní dhéanfar trádáil intíre ina dhiaidh sin chuig Ballstát eile ach amháin nuair a dhéanfar an fhaisnéis trádála ón mBallstát roimhe sin a thaifeadadh i gcóras r-DGTG.

4. Beidh feidhm ag an maolú dá bhforáiltear sa dara habairt de mhír 3 go dtí an 31 Nollaig 2020. Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc don Choimisiún ar chur chun feidhme an mhaolaithe faoin 31 Nollaig 2020. Áireofar sa tuarascáil sin faisnéis faoin bhfíorúchán a dhéanfaidh na Ballstáit dá bhforáiltear in Airteagal 9, faisnéis faoi thoradh an fhíorúcháin sin, agus faoi shonraí ar na hócáidí trádála lena mbaineann, lena n-áirítear faisnéis staidrimh ábhartha lena n-áirítear an méid tuinníní gorma agus líon na ngníomhaíochtaí trádála lena mbaineann an maolú seo.

5. Déanfar trádáil tuinníní gorma bheo lena n-áirítear gach ócáid trádála chuig agus ó fheirmeacha tuinníní gorma a thaifeadadh agus a bhailíochtú i gcóras r-DGTG i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo, mura sonraítear a mhalairt.

6. Féadfar bailíochtú ranna 2 (gabháil) agus 3 (trádáil bheo) in r-DGTG a chur i gcrích an tráth céanna de mhaolú ar Airteagal 3(3) den Rialachán seo.

7. Maidir le leasú agus athbhailíochtú ranna 2 agus 3 in r-DGTG mar a cheanglaítear le hAirteagal xx den Rialachán (AE) 20../.. [BFT] a bhaineann le húsáid córas ceamaraí steiréascópacha. Féadfar an leasú sin agus an t-athbhailíochtú sin a chur i gcrích tar éis oibríocht cur i gcaighean.

*Airteagal 6*
***Clibeáil***

1. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar a soithí gabhála nó ar a ngaistí clib a ghreamú de gach tuinnín gorm, agus is fearr go ndéanfaí amhlaidh an tráth a bheidh sé á mharú, ach déanfar amhlaidh tráth nach déanaí ná an t-am a chuirtear i dtír é ("clár clibeála"). Beidh uimhreacha uathúla a bhaineann go sonrach leis an mBallstát ar na clibeanna agus beidh na clibeanna crioscaíldíonach. Beidh uimhreacha na clibe díreach mar a chéile le huimhreacha r-DGTG.

2. Seolfaidh na Ballstáit lena mbaineann achoimre ar chur chun feidhme an chláir clibeála chuig an gCoimisiún faoin 30 Aibreán gach bliain i leith na bliana roimhe sin. Seolfar aon athrú a dhéanfar ina dhiaidh sin ar chlár clibeála chuig an gCoimisiún chomh maith. Cuirfidh an Coimisiún na hachoimrí ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT.

3. Ní údarófar na clibeanna sin a úsáid ach nuair a bheidh méideanna carnacha na ngabhálacha laistigh de chuótaí a mBallstát nó laistigh de na teorainneacha gabhála dóibh do gach bliain bainistíochta, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na cuótaí aonair arna gcionroinnt i leith soithí nó gaistí.

4. Chun críocha Airteagal 4(4), i gcláir chlibeála thráchtála an Bhallstáit brataí don soitheach nó don ghaiste a shaothraigh na tuinníní gorma faoina ndéantar an t-iasc a chlibeáil, foráiltear ar a laghad don méid seo a leanas:

(a) déantar gach tuinnín gorm in r-DGTG lena mbaineann a chlibeáil go leithleach;

(b) áirítear le faisnéis a bhaineann leis an gclib:

– aitheantas an tsoithigh gabhála nó gaiste;
– dáta gabhála nó tabhairt i dtír;
– limistéir shaothraithe an éisc sa lastas;
– an trealamh lena ngabhtar an t-iasc;
– cineál an táirge agus meáchain aonair an tuinnín ghoirm chlibeáilte;
– faisnéis faoin onnmhaireoir agus faoin allmhaireoir (i gcás inarb infheidhme);
– an pointe onnmhairiúcháin (i gcás inarb infheidhme).

5. De mhaolú ar phointe (v) mhír 4(b), i gcás na n-iascach atá faoi réir na maoluithe i ndáil le híosmhéid faoi Rialachán (AE) 20../.. [BFT], féadfaidh Ballstáit meáchan garbh éisc aonair laistigh den ghabháil a sholáthar a luaithe a dhíluchtaítear é, meáchan a chinnfear trí shampláil ionadaíoch a dhéanamh go dtí an 31 Nollaig 2020.

6. I gcás ina gcuirtear na Ballstáit i bhfeidhm an maolú dá bhforáiltear i bhfomhír 5, déanfaidh siad tuarascáil a sholáthar ar chur chun feidhme an mhaolaithe don Choimisiún.

7. Is é an Ballstát freagrach a dhéanann an fhaisnéis faoi iasc clibeáilte a thiomsú.

8. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh an fhaisnéis faoi iasc clibeáilte a fhaightear ó na Ballstáit a thiomsú agus a dhéanfaidh í a tharchur chuig an ICCAT i bhfoirm thuarascáil chur chun feidhme an Aontais.

## CAIBIDIL III
## DEIMHNIÚ ATHONNMHAIRIÚCHÁIN DO THUINNÍN GORM

### *Airteagal 7*
### ***Forálacha Ginearálta***

1. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh Deimhniú Bailíochtaithe Athonnmhairiúcháin in éineacht le gach luchtóg tuinníní gorma a athonnmhairítear óna críoch féin.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcásanna ina ndéantar tuinníní gorma a allmhairiú beo.

3. Déanfaidh an t-oibreoir atá freagrach as an athonnmhairiú an BFTRC a chomhlánú agus iarrfaidh sé go ndéanfar é a bhailíochtú i gcomhair na luchtóige tuinníní gorma atá le hathonnmhairiú. Déanfar DGTG(anna) a bhaineann le táirgí tuinnín ghoirm a allmhairíodh roimhe sin a chur in éineacht le BFTRC comhlánaithe.

### *Airteagal 8*
### ***Athonnmhairiú a bhailíochtú***

1. Déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit a n-athonnmhairítear an luchtóg óna críoch BFTRC a bhailíochtú.

2. Ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil BFTRC a bhailíochtú do gach táirge tuinnín ghoirm ach amháin sna cásanna seo a leanas:

   (a) suífear go bhfuil an fhaisnéis go léir atá sa deimhniú athonnmhairiúcháin cruinn;

   (b) glacfar le DGTG bailíochtaithe d’allmhairiú táirgí arna ndearbhú ar BFTRC;

   (c) is iad na táirgí atá le hathonnmhairiú, ina n-iomláine nó go páirteach, an táirge céanna atá luaite ar DGTG(anna) bailíochtaithe; agus

   (d) nuair atá cóip de DGTG(anna) i gceangal le BFTRC bailíochtaithe.

3. Áiritheofar le BFTRC bailíochtaithe an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinní 4 agus 5 a ghabhann leis an Moladh ICCAT [18-13].

## CAIBIDIL IV
## FÍORÚCHÁN

### *Airteagal 9*
### ***Fíorúchán***

1. Áiritheoidh na Ballstáit go sainaithneoidh a n-údaráis inniúla féin gach luchtóg tuinnín ghoirm ar isteach ina gcríoch a thugtar i dtír í, ar isteach ina gcríoch a allmhairítear í, ar óna gcríoch a onnmhairítear í, nó ar óna gcríoch a athonnmhairítear

í, agus go n-iarrfaidh siad DGTG(anna) bailíochtaithe agus doiciméid ábhartha gach luchtóige tuinnín ghoirm agus go ndéanfaidh siad scrúdú orthu.

2. Féadfaidh na húdaráis inniúla scrúdú a dhéanamh freisin ar inneachar na luchtóige chun an fhaisnéis atá in DGTG agus sna doiciméid ghaolmhara a fhíorú agus, más gá, déanfaidh siad fíorúcháin in éineacht leis na hoibreoirí lena mbaineann.

3. Má bhíonn amhras ann, de thoradh scrúduithe nó fíorúcháin a chuirtear i gcrích de bhun mhír 1 agus mhír 2, maidir leis an bhfaisnéis atá in DGTG, an Ballstát inar tharla an t-allmhairiú deiridh agus an Ballstát nó CPC a ndearna a n-údaráis inniúla bailíochtú ar DGTG(anna) nó ar BFTRCanna, rachaidh siad i gcomhar lena chéile chun an t-amhras sin a dhíchur.

4. Má dhéanann Ballstát luchtóg nach bhfuil DGTG in éineacht léi a shainaithint, tabharfaidh sé fógra faoi na torthaí do Bhallstát an tseachadta, nó do CPC an onnmhairithe agus, nuair a bheidh a fhios cén Ballstát nó cén CPC a bheidh i gceist, tabharfaidh sé fógra fúthu don Ballstát brataí nó do CPC na brataí.

5. Ní scaoilfidh na Ballstáit leis an luchtóg le haghaidh trádáil intíre, allmhairithe nó onnmhairithe, nó, i gcás tuinnníní gorma beo arna gcur chuig feirmeacha, ní ghlacfaidh siad leis an dearbhú aistrithe go dtí go gcuirfear i gcrích na scrúduithe nó na fíorúcháin dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 agus go ndearbhaíonn siad comhlíontacht luchtóg BFT le ceanglais an Rialacháin seo agus le haon dlí eile is infheidhme de chuid an Aontais.

6. Toirmeascfar trádáil intíre, allmhairiú, onnmhairiú nó athonnmhairiú tuinnníní gorma i gcás ina gcinneann Ballstát, tar éis dó an scrúdú nó na fíorúcháin dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a chur i gcrích agus i gcomhar leis na húdaráis bhailíochtaithe lena mbaineann, go bhfuil DGTG nó BFTRC neamhbhailí.

## CAIBIDIL V
## SONRAÍ A THARCHUR

*Airteagal 10*

***Clárú i gcóras r-DGTG, fógra agus fíorú na faisnéise***

1. Is iad na Ballstáit atá freagrach as a áirithiú go bhfuil a gcuid úsáideoirí cláraithe i gcóras r-DGTG.

2. I gcás ina ndéanann Ballstát bailíochtú ar DGTGanna i leith a shoitheach gabhála faoi bhratach, a ngaistí nó a bhfeirmeacha. tabharfaidh sé fógra don Choimisiún, d'údaráis bhailíochtaithe an rialtais nó do dhaoine aonair eile arna n-údarú nó institiúidí atá freagrach as DGTG nó BFRCanna a bhailíochtú nó a fhíorú gach uair a thiocfaidh athrú orthu, sin le rá fógra faoin bhfaisnéis seo a leanas:

(a) ainm agus seoladh iomlán na heagraíochta;

(b) ainm agus teideal na n-údarás bailíochtaithe ar tugadh cumhacht aonair dóibh;

(c) foirm shamplach dhoiciméid;

(d) léiriú samplach de stampa nó shéala; agus

(e) de réir mar is iomchuí, samplaí de chlibeanna.

3. Tabharfar le fios leis an bhfógra dá bhforáiltear i mír 2 an dáta óna mbeidh feidhm ag an athrú. Seolfar cóip de na forálacha a glacadh faoin dlí náisiúnta chun críoch an Clár de Dhoiciméid Um Ghabháil an Tuinnín Ghoirm a chur chun feidhme in

éineacht leis an gcéad fhógra, lena n-áirítear critéir le daoine aonair nó eagraíochtaí neamhrialtasacha a údarú. Déanfar sonraí a thabharfar cothrom le dáta maidir leis na húdaráis bhailíochtaithe agus na forálacha náisiúnta a chur in iúl don Choimisiún go tráthúil.

4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra trí mhodh leictreonach don Choimisiún maidir leis na pointí teagmhála náisiúnta ar cheart iad a chur ar an eolas má ardaítear ceisteanna i ndáil le DGTGanna nó BFTRCanna, agus go háirithe, ainm agus seoladh iomlán na heagraíochta/n-eagraíochtaí.

5. Cuirfidh an Coimisiún fógra gan mhoill faoin bhfaisnéis dá bhforáiltear i mír 2 agus i mír 4 chuig Rúnaíocht ICCAT.

6. Fíoróidh na Ballstáit an fhaisnéis a bhaineann leis na húdaráis bhailíochtaithe, faisnéis ar ina taobh a chuirfear fógra chuig ICCAT agus a fhoilseofar ar shuíomh gréasáin Rúnaíocht ICCAT agus beidh rochtain ag an bpobal air sin chun cuidiú lena n-údaráis bailíochtú DGTG agus BFTRCanna a fhíorú.

*Airteagal 11*
***Doiciméid DGTG páipéir nó r-DGTGanna clóite***

1. Féadfar doiciméid DGTG páipéir nó r-DGTGanna clóite a úsáid sna cásanna seo a leanas:

(a) Cainníochtaí na dtuinníní gorma a thugtar i dtír ar lú ná tona méadrach amháin nó ar lú ná trí iasc iad. Déanfar r-DGTGanna de r-DGTGanna páipéir laistigh de thréimhse nach faide ná seacht lá oibre nó roimh an onnmhairiú, cíbe acu is túisce;

(b) tuinníní gorma a ghabhtar roimh an 1 Eanáir 2017;

(c) mar chúltaca sa chorrchás go mbeidh deacrachtaí teicniúla leis an gcóras a chuirfidh cosc ar Bhallstát le córas r-DGTG a úsáid, agus nósanna imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Moladh ICCAT á leanúint [18-12]. Má bhíonn moill ar na Ballstáit bearta is gá a dhéanamh,, amhail na sonraí is gá a sholáthar lena áirithiú go gclárófar úsáideoirí i gcóras r-DGTG nó cúinsí eile is féidir a sheachaint meastar nach deacracht theicniúil inghlactha é;

(d) trádáil ar thuinníní gorma an Aigéin Chiúin;

(e) trádáil idir an tAontas Eorpach agus neamh-CPCanna i gcás nach féidir teacht ar chóras r-DGTG tríd an Rúnaíocht nó nach bhfuil sé tráthúil go leor lena áirithiú nach mbeidh moill as cuimse uirthi nó nach gcuirtear isteach uirthi.

2. Ní fhéadfaidh Ballstát ná CPCanna agairt a dhéanamh ar úsáid doiciméad DGTG dá dtagraítear i mír 1 mar chúis le moill a chur ar loingsiú tuinníní gorma nó onnmhairiú lastas tuinníní gorma a dhiúltú, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh sé an Rialachán seo. Sásaíonn r-DGTGanna clóite a ndearnadh bailíochtú orthu i gcóras r-DGTG an riachtanas dearbhaithe a leag síos sa Rialachán seo.

3. Ní dhéanfaidh na Ballstáit brataí nó Ballstáit an ghaiste foirmeacha i ndáil le DGTG a sholáthar ach amháin do shoithí gabhála agus do ghaistí a údaraítear chun iascaireacht a dhéanamh ar thuinníní gorma i limistéar an Choinbhinsiúin, lena n-áirítear tuinníní gorma arna ngabháil mar fhoghabháil. Níl na foirmeacha sin inaistrithe.

4. Leanfaidh cóipeanna de na doiciméid ghabhála gach cuid de luchtóga deighilte nó den táirge próiseáilte, agus uimhir uathúil sainaitheantais doiciméid an bhundoiciméid ghabhála á húsáid d'fhonn iad a rianú.

*Airteagal 12*

***Doiciméid bhailíochtaithe páipéir a tharchur agus a chaomhnú***

1. Seachas i gcásanna ina bhfuil feidhm ag Airteagal 4(4), seolfaidh na Ballstáit cóip de gach DGTG nó BFTRC bailíochtaithe chuig:

(a) an Coimisiún;

(b) údaráis inniúla an Bhallstáit nó an CPC ina ndéanfar trádáil intíre, feirmeoireacht nó allmhairiú ar tuinníní gorma; agus

(c) Rúnaíocht ICCAT.

2. Seolfaidh na Ballstáit an teachtaireacht dá bhforáiltear i Mír 1 chomh luath agus is féidir agus ar aon chuma laistigh de cúig lá oibre ón dáta a dhéantar an bailíochtú, nó i gcás ina measfar nach mó ná cúig lá oibre a mhairfidh ré an iompair.

3. Déanfaidh na Ballstáit cóipeanna de na doiciméid bhailíochtaithe um ghabháil agus de na deimhnithe athonnmhairiúcháin a eiseoidh siad nó a gheobhaidh siad a choimeád go ceann dhá bhliain ar a laghad.

*Airteagal 13*

***Tuarascáil bhliantúil***

1. Faoin 15 Lúnasa gach bliain, déanfaidh na Ballstáit tuarascáil a sholáthar don Choimisiún ina mbeidh an fhaisnéis a thuairiscítear in Iarscríbhinn 6 a ghabhann le Moladh ICCAT [18-13], don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig sa bhliain roimhe sin.

2. Bainfear leas as tuarascálacha a gineadh ón gcóras r-DGTG chun ceanglais tuairiscithe bhliantúil a chomhlíonadh. Soláthróidh na Ballstáit ina dtuarascáil bhliantúil gnéithe a thuairiscítear in Iarscríbhinn 6 a ghabhann le Moladh ICCAT [18-13] nach féidir a ghiniúint ón gcóras r-DGTG.

3. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil an Aontais a tharraingt suas bunaithe ar an bhfaisnéis a gheofar ó na Ballstáit i gcomhréir le mír 1 agus le mír 2 agus seolfaidh siad í chuig rúnaíocht ICCAT faoin 15 Meán Fómhair gach bliain.

## CAIBIDIL VI
## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 14*

***An nós imeachta maidir le leasuithe***

1. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 lena leasaítear an Rialachán seo chun é a oiriúnú le bearta arna nglacadh ag ICCAT a chuireann de cheangal ar an Aontas agus ar a Bhallstáit i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) úsáid éigeantach r-DGTG agus DGTG de bhun Airteagal 3(1) agus (2);

(b) rialacha BDC de bhun Airteagal 3(6);

(c) bailíochtuithe DGTG agus r-DGTG de bhun Airteagal 4;

(d) gabhálacha agus na gníomhaíochtaí trádála ina dhiaidh sin a thaifeadadh agus a bhailíochtú i gcóras r-DGTG de bhun Airteagal 5;

(e) sprioc-am an mhaolaithe dá dtagraítear in Airteagal 5(4) agus Airteagal 6(5);

(f) faisnéis faoi bhailíochtú agus faoi phointí teagmhála de bhun Airteagal 10(2);

(g) faisnéis a bhaineann le doiciméid DGTG nó r-DGTG clóite de bhunadh Airteagal 11(1);

(h) dátaí tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 5(4), Airteagal 6(2) agus Airteagal 13(1) agus (2);

(i) tagairtí d'Iarscríbhinní a ghabhann le Moltaí ICCAT dá bhforáiltear in Airteagal 2(1), Airteagal 4(6); Airteagal 8(3); Airteagal 11(1)(c) agus Airteagal 13(1) agus (2).

2. Beidh leasuithe de bhun mhír 1 teoranta do chur chun feidhme na leasuithe ar Mholtaí ICCAT i ndlí an Aontais.

*Airteagal 15*
***An tarmligean a fheidhmiú***

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 14 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 14 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomh tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 14 i bhfeidhm ach amháin i gcás nach mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a

chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 16*

***Aisghairm***

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 640/2010.

*Airteagal 17*

***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*